# SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL…

*scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige*

8 Lúnasa 2024 Eagrán 208




Foireann camógaíochta na Gaillimhe,
a bhéas i gcoimhlint le foireann Chorcaí
i gCraobh na hÉireann ar an Domhnach beag seo.
Go n-éirí leo!

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga


## Bus go Craobh na hÉireann

Tá Cumann Camógaíochta Chois Fharraige ag eagrú bus tacaíochta chuig an gcluiche ceannais camógaíochta idir Gaillimh agus Corcaigh i bPáirc an Chrócaigh ar an Domhnach beag seo, 11 Lúnasa. €50 atá ar chostas bus agus ticéad do dhuine fásta agus €30 do chailíní faoi 16! Ní mór duine fásta a bheith le duine faoi 16. Tá cúpla spás fós ar fáil. Fágfaidh an bus Cois Fharraige ag 10.00 r.n. Glaoigh ar Mhartina ag 087 637 2941 *láithreach* le d'áit a chur in áirithe.

Go raibh an-lá ag an lucht tacaíochta agus guíonn muid chuile rath ar an bhfoireann – agus go raibh muid ag ceiliúradh ina dteannta tráthnóna an Domhnaigh!

## Ensemble Ricciotti sa Spidéal

Tabharfaidh Ensemble Ricciotti cuairt ar cheantar Chois Fharraige ar an Mháirt 13 Lúnasa. Is ceolfhoireann shiansach sráide ón Ollainn é an ensemble seo, ina bhfuil 43 ceoltóirí óga agus é d'aidhm acu ceol siansach beo a thabhairt chuile áit agus chuig chuile dhuine. Aimsíonn siad lucht éisteachta ar fud na háite ó chúlraí éagsúla agus thar aois-ghrúpaí éagsúla: sa mbaile, san ionad oibre, ar saoire, ar an tsráid, ar an bpáirc imeartha nó i hallaí ceolchoirme. Díríonn siad go háirid ar institiúidí ar nós árais don aosach agus d'iarrthóirí tearmainn 7 dídine.




Casann siad neart seánraí éagsúla; ceol clasaiceach, popcheol, agus snagcheol san áireamh. Beidh deis ag pobal Chois Fharraige Ensemble Ricciotti a chloisteáil i Halla Scoil Éinne sa Spidéal ar an Mháirt idir 2.00 i.n 7 3.00 i.n.

Ócáid saor in aisce í seo faoi choimirce Chomhlacht Forbartha an Spidéil.

Mar sin, buailigí isteach chuig Scoil Éinne le fáilte a chur rompu agus éisteacht le clár ilghnéitheach ceoil.

## Cuisle an Chomhshaoil

An bhfuil suim agat sna healaíona, i gcúrsaí timpeallachta agus i gcúrsaí pobail?

Bhuel, beidh deis agat dul ag spaisteoireacht ar thuras cruthaitheach agus iniúchadh ealaíonta á dhéanamh ar cheist na timpeallachta.

Tá ealaíontóirí agus gníomhaithe aeráide óga, ag eagrú lá cruthaitheach gníomhaíochais i Seanscoil Sailearna ar an 21ú Lúnasa le deis a thabhairt don phobal, idir óg agus sean, cuid de na ceisteanna a bhaineann leis an timpeallacht a chíoradh ar bhealach cruthaitheach agus samhailteach. Trí chuid a bheas sa lá:

✓ Beidh **siúlóid dúlra agus ceoil** ar bun idir 11.30 is 13.00 le Seathrún Ó Tuairisg, Éanna Hyland 7 Peadar-Tom Mercier le muid a thumadh i bhfuaimrian an nádúir agus an cheoil. Faigh ticéid ag Eventbrite.

✓ Idir 14.00 is 16.00 reachtáilfear **ceardlanna ealaíne** do dhaoine óga idir 15 is 25 a dhíreoidh ar úsáid a bhaint as ár n-oidhreacht le todhchaí inbhuanaithe agus dóchasach a shamhlú. Beidh rogha i measc na gceardlann agus ceol is amhránaíocht ar fáil ó Shíle Denvir, Becky Ní Éallaithe, Peadar-Tom Mercier 7 Meadhbh O'Leary Fitzpatrick, nó ealaín (*zines*) le Mairéad Hurley nó filíocht chomhaimseartha le Gormfhlaith Ní Shíocháin-Ní Bheoláin. Tá ticéid do na ceardlanna seo ar fáil ó Eventbrite freisin. Is féidir le daoine faoi 18 a bheith i láthair gan tuismitheoir/ caomhnóir, ach caithfidh siad clárú le hainm agus seoladh ríomhphoist an tuismitheora / an chaomhnóra tríd an fhoirm seo.





✓ Beidh ceolchoirm **Cuisle an Chomhshaoil: Taibhreamh** ar bun idir 17.00 is 19.00. Ceol, filíocht agus caint le Síle Denvir, Becky Ní Éallaithe, Peadar-Tom Mercier, Meadhbh O'Leary Fitzpatrick, Mairéad Hurley, Éanna Hyland 7 Gormfhlaith Ní Shíocháin-Ní Bheoláin. Tá ticéid ar fáil ó Eventbrite arís.

Tá na himeachtaí ar fad saor in aisce ach **caithfear clárú roimh ré**. Ní gá freastal ar an ócáid ar fad. Is féidir clárú do chuid amháin, do dhá chuid nó don lá ar fad.

Tá níos mó eolais le fáil ó Imeall.

## Taispeántas Chois Fharraige 2024

Ní fada uainn Taispeántas Chois Fharraige 2024!




Beidh an seó bliantúil seo ar bun i gColáiste Chonnacht ar an gcéad lá de mhí Mheán an Fhómhair.

Tá aon roinn déag ann idir comórtas tís 7 garraíodóireachta, ealaín, grianghrafadóireacht, capaillíní, caoirigh agus madraí dar ndóigh! Tá rannóg ar leith ann do ghasúir.

Mar sin, tosaigí oraibh ag réiteach. Déan an subh, cleachtaigh an bhácáil, réitigh na hainmhithe, cuir smais ar an ealaín agus spreag na gasúir!

Má tá foirmeacha iarratais uait, cuir fios orthu chuig tcfteo@gmail.com. Glacfar le hiarratais, *seachas* capaillíní 7 caoirigh, ar an lá.

## Deontais d'Óige Ildánach

Tá deontais d'uasmhéid €3,000 ar fáil ó Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin le tacú le forbairt cruthaitheachta i measc na hóige i nGaillimh 7 i Ros Comáin.




Is é aidhm na scéime tacú le tionscadail chruthaitheacha sa bpobal ar féidir le gasúir agus daoine óga a bheith páirteach iontu. Ní mór tionscadail a reáchtáil sa bpobal le go mbeidh deis ag daoine óga a gcuid cruthaitheachta a léiriú agus a gcuid cruthaitheachta nádúrtha a fhorbairt chomh maith lena gcuid scileanna idirphearsanta agus cumarsáide.

Tacaíonn an scéim deontais le costais a bhaineann le reáchtáil tionscadal atá bunaithe ar riachtanais a d'aithin daoine óga iad féin. I measc na gcostas a chlúdaítear tá costais tuarastail (táillí 7 pá), ionad a fháil ar cíos, iompar, ábhar cláir agus costais ghaolmhara reatha tionscadal.

Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne agus déantar athbhreithniú orthu in aghaidh na coicíse. Is féidir aon cheist atá agat ina leith a chur chuig lcyp@gretb.ie.

## Seisiúin

Bíonn seisiún ceoil ar bun i dteach ósta **Cois Cuain** sa Spidéal ar an dara Céadaoin den mhí le cúpla mí anuas. Seisiún é seo do dhaoine ar spéis leo ceol agus comhluadar ach nach mian leo a bheith ag dul amach ródheireanach san oíche! Ní gá a bheith an-oilte sa gceol ná a bheith id chéirseach binn le bheith san áireamh! Bí Cois Cuain idir 4 is 8 ar an gCéadaoin 14 Lúnasa agus cuirfear na múrtha fáilte romhat!

Beidh seisiún amhránaíochta **Thigh Phádraicín** ar ais ag deireadh na míosa. Ar an Satharn a bheas sé as seo amach. Cuir an Satharn 31 Lúnasa ag 8.00 sa dialann.

## Cúrsa d'áisitheoirí drámaíochta

Tá Ealaín na Gaeltachta ag reáchtáil an dara cúrsa oiliúna d'áisitheoirí drámaíochta. Cúrsa é seo atá dírithe ar dhaoine a bhfuil suim acu i ndrámaíocht don óige nó ar dhaoine gur mian leo cur lena gcuid scileanna áisitheoireachta sa drámaíocht. Is é an t-aisteoir cáiliúil Diarmuid de Faoite a bheidh i mbun an chúrsa.




I gCill Airne ar an Satharn agus Domhnach, 5 agus 6 Deireadh Fómhair 2024 a bheas sé ar bun.

Díreofar ar ghnéithe difriúla den drámaíocht: samhlaíocht, obair foirne, spreagadh samhlaíochta, cluichí samplacha, cluichí teangabhunaithe agus neart rudaí eile.

Tá súil ag Ealaín na Gaeltachta go mbeidh rannpháirtithe an chúrsa sásta a bheith ar phainéal teagascóirí Ealaín na Gaeltachta i ndiaidh an chúrsa agus sásta tabhairt faoi cheardlanna drámaíochta ina gceantar féin.

Tá an cúrsa saor in aisce agus cuirfear lóistín 7 béilíocha ar fáil. Ach fainic, tá líon na spásanna teoranta, mar sin moltar clárú roimh ré ag cuisle@udaras.ie

Is féidir blaiseadh den mhéid a rinne rannpháirtithe an chéad chúrsa a fháil ó Mholscéal.

## Moladh na Seachtaine

*Máirín Mhic Lochlainn*

Nuair a bhí mé ag fás aníos, bhí mé den tuairim gur crá croí agus anró a bhain leis an bhfarraige. Tá malairt tuairime agam anois ó mo thaithí ar a bheith ag snámh i gcaitheamh na bliana ar fad. Is iomaí sin tairbhe atá le baint as. Coinníonn sé duine aclaí agus tá sé go maith don chorp agus don intinn.

Taitníonn dúshlán liom agus is dúshlán dom dul isteach sa bhfarraige i rith an gheimhridh. Dom fhéin, ní don fharraige, a thugaim an dúshlán seo mar go gcreidim sa sean-ráiteas go dtugann an fharraige a cuid fhéin léi.



Ar ndóigh bíonn sásamh intinne le fáil as dul go barr sléibhe, ach tá sé difriúil, mar go gcaitheann duine a bheith aclaí le dul go barr sléibhe, rud nach fíor faoin snámh. Ní gá do dhuine a bheith in ann snámh fiú, tum tú féin sa sáile, déanfaidh sé maith dhuit! Tá cara agam nach dtéann thar a glúine san uisce, agus "airíonn sí a cuid cosa chomh héadrom" ina dhiaidh. Is féidir liomsa a rá go n-airím mo chorp agus m'intinn níos éadroime ina dhiaidh.

In aimsir an Chovid bhréin sea a thosaigh mise ag snámh ar feadh na bliana. Lean mé orm mar a rinne go leor eile. Castar ar a chéile ar an trá muid, bíonn comhrá eadrainn agus píosa gáirí b'fhéidir. Tá sé mar a bheadh ceangal speisialta ann mar go bhfuil rud eicínt faoi leith ag baint le dul ag snámh sa ngeimhreadh. B'fhéidir gurb é an dúshlán é, ach sílim gurb é an faoiseamh a fhaigheann duine an ceangal is tábhachtaí.

Ní bhíonn mórán difríochta idir teocht na farraige i gCois Fharraige idir samhradh agus geimhreadh; an t-aon difir atá ann i ndáiríre ná go mbíonn an teocht ar thalamh thirim níos ísle sa ngeimhreadh.

Buail faoi – ní bheidh aon aiféala ort!